

Is mór an buntáiste í an Ghaeilge má tá spéis agat dul le gairm in earnáil an ghnó. Mar shampla, tá poist ar fáil do Ghaeilgeoirí sna comhlachtaí móra idirnáisiúnta (Google agus Facebook, mar shampla), i ngnólachtaí Éireannacha, sna heagraíochtaí Gaeilge, agus tá tacaíocht ar fáil d'fhiontraihte a bhfuil Gaeilge acu chomh maith. Tá éagsúlacht ag baint le gairm sa ghnó – d'fhéadfá a bheith ag plé le cúrsaí margaíochta, airgeadais, riaracháin nó díolacháin, gan ach roinnt bheag a lua. Maidir le margaíocht, tá 20% d'fhógraíocht phoiblí le bheith trí Ghaeilge faoin mbliain 2030. Beidh gá le scríbhneoirí scrípte, le haisteoirí agus le haistritheoirí le Gaeilge chun an sprioc seo a bhaint amach.

### Samplaí de chúrsaí don ghairm seo:

Cód	Cúrsa	Cáilíocht	Institiúid/Ollscoil	Cód QR
CK101	Eacnamaíocht/Gaeilge	BA	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
CK215	Gnó Idirnáisiúnta le Teangacha	BSc	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	
TR208	Eacnamaíocht/Gaeilge	BA	Coláiste na Tríonóide	
DC118	Gnó agus Gaeilge	BA	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Fiontar agus Scoil na Gaeilge (DCU)	
LM002	Riarachán Poiblí agus Ceannaireacht/Gaeilge	BA	Ollscoil Luimnigh	
MH101	Gnó (Idirnáisiúnta)/ Nua-Ghaeilge	BA	Ollscoil Mhá Nuad	
MH101	Gnó (Bainistíocht)/ Nua-Ghaeilge	BA	Ollscoil Mhá Nuad	
MH101	Gnó (Margaíocht)/ Nua-Ghaeilge	BA	Ollscoil Mhá Nuad	
GY208	Tráchtáil le Gaeilge	BComm	Ollscoil na Gaillimhe	
GY101	Forbairt Idirnáisiúnta/ Gaeilge	BA	Ollscoil na Gaillimhe	
AU906	Gnó agus Gaeilge	BA	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach	
Q5N1 (UCAS)	Gaeilge le Gnó	BA	Ollscoil Uladh	
N1Q5 (UCAS)	Gnó le Gaeilge	BSc	Ollscoil Uladh	
Q5NM (UCAS)	Gaeilge le Margaíocht	BA	Ollscoil Uladh	
DC627	Bainistíocht agus Gnó Digiteach	MSc	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Fiontar agus Scoil na Gaeilge (DCU)	



### Tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta

Tacaíocht agus maoiniú ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo a ngnólacht féin a bhunú i gceantar Gaeltachta.



### Clár na gComhlachtaí, Údarás na Gaeltachta, 2023

Tá deis tugtha ag an glár seo do

os cionn 550 scoláire iar-bhunscoile a gcuid scileanna fiontraíochta a fhorbairt.



### An Scéim Tacaíochta Gnó (maoinithe ag Foras na Gaeilge)

Cuirtear tacaíocht ar fáil do ghnónna ar mhaith leo úsáid a bhaint as an nGaeilge “mar uirlis ghnó inúsáidte agus éifeachtach.” Tá suas le huasmhéid €3,000 ar fáil do ghnólachtaí tríd an scéim seo.



### Gaillimh le Gaeilge – Grace Conneally, Oifigeach Tograí

“Tá mé díreach tosaithe ag obair le Gaillimh le Gaeilge agus ag baint an-sult agus tairbhe as an obair éagsúil a bhíonn idir lámha agam ó lá go lá. Bíonn an eagraíocht ag plé le hearnálacha difriúla; miondíol, turasóireacht, seirbhísí, gnólachtaí ar líne, agus pobal agus cultúr.

Tá mise freagrach as láithreach Ghailimh le Gaeilge ar na meáin shóisialta a fhorbairt agus a chur chun cinn mar aon le branda Ghailimh le Gaeilge a threisiú agus a láidriú tuilleadh. Ina theannta sin, déanaim monatóireacht agus bím i dteagmháil le gnólachtaí agus le heagraíochtaí sa chathair atá ag athchóiriú nó ag oscailt as an nua. Tugtar moltaí éagsúla, comhairle saincheaptha agus tacaíocht phraiticiúil dóibh maidir le húsáid na Gaeilge. Bíonn toradh do chuid oibre le feiceáil go fisiciúil nuair a fheiceann tú comharthaí nua Gaeilge ag dul in airde nó nuair a shocraíonn bainisteoir gnó dul go hiomlán dátheangach i nGaillimh agus ansin go náisiúnta – tá sásamh le baint as sin!

Déanaim ríomhíris a ullmhú go rialta ag sonrú obair agus imeachtaí na heagraíochta, déanaim taifeadadh ar fhíseáin a thugann léiriú ar an dátheangachas sa ghnó, déanaim agallaimh raidió mar aon le freastal ar ócáidí gnó, ócáidí líonraithe agus cruinnithe. Is breá liom go bhfuil mé i gcónaí ag casadh le daoine difriúla agus ag baint úsáid as scileanna éagsúla i mo ról mar Oifigeach Tograí. Níl chuile lá mar an gcéanna!”

### Carn Tóchair – Gnó trí Ghaeilge

“Suite taobh amuigh de Mhachaire Ratha i gContae Dhoire, tá Coiste Forbartha Charn Tóchair ag dul ó neart go neart le comhlachtaí sóisialta, tionscadail do pháistí agus do theaghlaigh, don phobal, agus do chustaiméirí sa siopa agus sa chaifé. Bíonn deiseanna fostaíochta ann go rialta i ngach roinn den eagraíocht, agus scileanna maithe Gaeilge de dhíth i ngach ceann acu – agus scileanna cumarsáide, margaíochta, eagraíochta agus airgeadais chomh maith.”

– **Aoibheann Doherty, Comhordaitheoir Tionscadail**

### Fiontraí Óg na Bliana (Glór na nGael):

Gradaim do dhaoine óga a léiríonn scileanna maithe fiontraíochta, agus a chuireann an Ghaeilge chun cinn ina ngnólacht.

### GRADAIM Gnó na hÉireann (Glór na nGael): Scéim Aitheantais Náisiúnta don Ghaeilge sa Ghnó

Tugtar aitheantas do ghnólachtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn. Ag deireadh na bliana 2022, fógraíodh go dtabharfadh an Rialtas maoiniú arbh fhiú €602,000 é don eagraíocht. Is cinnte go bhfásfaidh foireann GRADAIM dá bharr, agus go mbeidh níos mó tacaíochta ar fáil do ghnólachtaí le Gaeilge amach seo.



Sraith físeán faoi ghnóthaí a bhaineann úsáid as an nGaeilge ina gcuid gnó (Gradam Sheosamh Uí Ogartaigh):



Leabhrán Úrnu Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge (COGG):

[www.saoloibre.ie](http://www.saoloibre.ie)



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2024